Vacsaíní sa bhreis

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi vacsaíní sa bhreis in ospidéil i mBaile Átha Cliath. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil inti. An féidir libh Gaeilge a chur orthu?

1. HSE _____
2. guidelines _____
3. about to _____
4. deteriorating, becoming useless _____
5. dose _____
6. it came to light _____
7. relations _____
8. in relation to _____
9. vulnerable groups _____
10. in the meantime _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus tabhair cúig phointe eolais don duine in aice leat faoina bhfaca tú.

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cathain a d'eisigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte treoirlínte maidir le dáileadh vacsaíní?
2. Cad a rinne Ospidéal an Choim leis na vacsaíní breise a bhí acu? Cén fáth a rinne siad amhlaidh, dar leo?
3. Cad a rinne Ospidéal an Rotunda leis na vacsaíní breise?
4. Cad a mholann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le vacsaíní breise?
5. Cad a mhol Ard-Stiúrthóir na hEagraíochta Domhanda Sláinte?

Ceist 4 An foclóir

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na hainmfhocail seo ó www.teanglann.ie agus freagraígí na ceisteanna.

bean1, *f.* (*gs. & npl.* **mná,** *gpl.* **ban**). **1.** Woman.

cupán1, *m.* (*gs. & npl.* **-áin,** *gpl.* **~**). **1.** Cup

sráid, *f.* (*gs.* **~e,** *pl.* **~eanna**).**1.** Street.

1. Scríobhaigí amach na hainmfhocail agus an t-alt leo. Léirigh inscne na n-ainmfhocal.
2. Cad is brí leis na giorrúcháin (i nGaeilge) – *gs*., *npl.*, *gpl*. agus *pl.*?
3. Aistrígí na habairtí gonta seo go Gaeilge:

   - The woman sat in the corner.
   - The women come here every Tuesday.
   - Women's rights leave a lot to be desired.
   - The cup is on the table.
   - I hate cleaning cups.
   - The amount of cups left on the table is incredible.
   - I walked down the street.
   - The streets of Dublin are dirty.
   - The names of the streets are in Irish.

Ceist 5 '…idir an dá linn…'

Tá a lán nathanna cainte i nGaeilge leis an bhfocal 'idir' iontu. Cad is brí leis na cinn seo a leanas. Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

- Idir dhá chomhairle
- Idir dhá thine Bhealtaine
- Idir dhá cheann na béime
- Idir choirt is chraiceann
- Idir an dá aois

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén uair a bheidh an vacsaín agat féin, dar leat?
2. An síleann tú go bhfuil Rialtas na hÉireann ag déileáil go héifeachtach le géarchéim na paindéime? Cén fáth?
3. Cén uair a bheidh an saol sa tír ar ais mar bhí roimh COVID-19?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1. HSE	*Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*
2. guidelines	*treoirlínte*
3. about to	*ar tí*
4. deteriorating, becoming useless	*ag dul ó mhaith*
5. dose	*dáileog*
6. it came to light	*tháinig sé chun cinn*
7. relations	*gaolta*
8. in relation to	*i dtaca le*
9. vulnerable groups	*grúpaí leochaileacha*
10. in the meantime	*idir an dá linn*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
1. An bhean (baininscneach), an cupán (firinscneach) agus an tsráid (baininscneach).
2. *gs*. (genitive singular): an tuiseal ginideach, uatha; *npl.*(nominative plural): an tuiseal ainmneach, iolra; *gpl*. (genitive plural): an tuiseal ginideach, iolra agus *pl.*(plural): iolra – nuair is ionann an tuiseal ainmneach iolra agus an tuiseal ginideach iolra.
3. Aistrígí na habairtí gonta seo go Gaeilge:

    - Shuigh an bhean sa choirnéal.
    - Tagann na mná anseo gach Máirt.
    - D'fhéadfadh cearta na mban a bheith i bhfad níos fearr.
    - Tá an cupán ar an mbord.
    - Is fuath liom cupáin a ní.
    - Ní chreidfeá líon na gcupán ar an mbord.
    - Shiúil mé síos an tsráid.
    - Tá sráideanna Bhaile Átha Cliath salach.
    - Tá ainmneacha na sráideanna i nGaeilge.

Ceist 5
Idir dhá chomhairle – *unsure, in two minds*
Idir dhá thine Bhealtaine – *in a dilemma*
Idir dhá cheann na béime – *in the balance*
Idir choirt is chraiceann – *lock, stock and barrel*
Idir an dá aois – *of uncertain age*

Ceist 6
Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Tá sé ráite ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur eisigh siad treoirlínte ar an dara lá déag d'Eanáir maidir le dáileadh vacsaíní atá ar tí dul ó mhaith. Tháinig sé chun cinn ag an deireadh seachtaine gur tugadh vacsaíní sa bhreis do ghaolta bhaill foirne Ospidéal an Choim i mBaile Átha Cliath ar an ochtú lá d'Eanáir. D'admhaigh an Rotunda tráthnóna, gur tharla an rud céanna ansin.

Caoimhe Ní Laighin
Ar an ochtú lá de mhí Eanáir, tugadh breis agus míle dáileog den vacsaín i gcoinne COVID-19 do bhaill foirne in Ospidéal an Choim, i mBaile Átha Cliath. Bhí sé dháileog déag fágtha. 'Rachadh na vacsaíní sin ó mhaith mura n-úsáidfí iad,' a dúirt bainistíocht an ospidéil i ráiteas. Nuair nár cuireadh ar an eolas iad faoi aon oibrí eile a bhféadfaí dáileog a thabhairt dó, dúirt lucht an ospidéil gur tugadh na vacsaíní do dhaoine muinteartha do bhaill foirne[1].

Rinneadh go leor cáineadh air seo inniu i measc polaiteoirí. Dúirt siad go raibh gá le prótacal soiléir i dtaca le vacsaíní a bhíonn fágtha i gcásanna mar seo. Dúirt Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte inniu gur eisigh siad treoirlínte ar an dara lá déag de mhí Eanáir maidir le prótacal i gcásanna mar seo; gur chóir liosta oibrithe sláinte a bheith ann a d'fhéadfadh an vacsaín a ghlacadh gan ach fógra gearr a thabhairt dóibh.

Agus dúirt Ospidéal an Rotunda inniu go raibh 37 dáileog de vacsaín fágtha acusan tar éis babhta vacsaíniú[2] ar an séú lá de mhí Eanáir. Tugadh iad do dhochtúirí teaghlaigh agus do bhaill de ghrúpaí leochaileacha eile, a dúirt lucht an ospidéil inniu, sula n-imeoidís ó mhaith.

Idir an dá linn, dúirt an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte inniu, go bhfuil an domhan ar fad ar tí loiceadh go tubaisteach ar thíortha leochaileacha ó thaobh dháileadh na vacsaíne de. Mhol an dochtúir, Tedros Adhanom Ghebreyesus, Ard-Stiúrthóir na heagraíochta, do thíortha agus don lucht déantúsaíochta na vacsaíní a roinnt go cothrom.

Sa mbaile arís. Agus bhí na chéad othair in Áras Mhic Dara ar an gCeathrú Rua ag fáil vacsaíní thar an deireadh seachtaine. Thomas Mac Donncha, Bríd Nic Dhonncha agus an t-altra, Nóirín Ní Chonghaile.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

[1] *muinteartha le* a dúradh
[2] *babhta vacsaínithe* an leagan caighdeánach